Eagrán Speisialta *

22 Feabhra 2021

Iris Oifigiúil
an Aontais Eorpaigh

An t-eagrán Gaeilge

Faisnéis agus Fógraí

Clár

V *Fógairtí*

NÓSANNA IMEACHTA RIARACHÁIN

An Coimisiún Eorpach

An Oifig Eorpach Frith-Chalaoise (OLAF) — Foilsiú folúntais le haghaidh phost Stiúrthóir Stiúrthóireacht A "Caiteachas -Oibríochtaí agus Imscrúduithe" (grád AD 14) — An Bheilg / An Bhruiséil (Airteagal 29(2) de na Rialacháin Foirne) — COM/2021/10399 1

GA

* Faoin tagairt C 61 A a foilsíodh ábhar an eagráin seo i dteangacha oifigiúla eile an Aontais Eorpaigh.

V

(Fógairtí)

NÓSANNA IMEACHTA RIARACHÁIN

AN COIMISIÚN EORPACH

An Oifig Eorpach Frith-Chalaoise (OLAF)

Foilsiú folúntais le haghaidh phost Stiúrthóir Stiúrthóireacht A "Caiteachas -Oibríochtaí agus Imscrúduithe" (grád AD 14) — An Bheilg / An Bhruiséil

(Airteagal 29(2) de na Rialacháin Foirne)

COM/2021/10399

Cé sinn

Tá an comhrac in aghaidh na calaoise agus gníomhaíochtaí mídhleathacha eile a dhéanann difear do leasanna airgeadais an Aontais Eorpaigh i gcroílár inchreidteacht thionscadal na hEorpa.

Tá trí phríomhchuspóir le misean na hOifige Eorpaí Frith-Chalaoise (OLAF): leasanna airgeadais an Aontais Eorpaigh (AE) a chosaint trí imscrúdú a dhéanamh ar chalaois, éilliú agus aon ghníomhaíocht mhídhleathach eile; cásanna tromchúiseacha a bhrath agus a imscrúdú, ar cásanna iad a bhaineann le comhaltaí nó oifigigh institiúidí agus comhlachtaí de chuid an Aontais dualgais ghairmiúla a chomhlíonadh a d'fhéadfadh imeachtaí araíonachta nó coiriúla teacht astu; tacú le hinstitiúidí an Aontais, an Coimisiún go háirithe, reachtaíocht agus beartais frith-chalaoise a fhorbairt agus a chur chun feidhme.

Is Ard-Stiúrthóireacht de chuid an Choimisiúin Eorpaigh é OLAF, ach tá neamhspleáchas reachtúil aige maidir le himscrúduithe a dhéanamh. Is Coiste Maoirseachta atá comhdhéanta de chúigear daoine neamhspleácha ón taobh amuigh den Choimisiún Eorpach a dhéanann maoirseacht ar a fheidhm imscrúdúcháin.

Tá na himscrúduithe faoi chúram Stiúrthóireachtaí Oibríochtúla laistigh de OLAF, Stiúrthóireachtaí dtacaíonn an Lárionad Eolais agus Stiúrthóireacht Gnóthaí Ginearálta leo, agus is iad a bhainistíonn riar OLAF.

Cosnaíonn an Stiúrthóireacht "Caiteachas – Oibríochtaí agus Imscrúduithe" OLAF (OLAF.A) leasanna airgeadais agus clú an Aontais trí imscrúduithe agus oibríochtaí riaracháin a dhéanamh ar chalaois, éilliú agus aon mhírialtacht thromchúiseach eile in aghaidh leasanna airgeadais an Aontais.

Is éard atá sa Stiúrthóireacht, cúig aonad ina bhfuil tuairim agus 100 ball foirne, imscrúdaitheoirí speisialaithe den chuid is mó, as roinnt cúlraí gairme éagsúla, lena n-áirítear iar-ionchúisitheoirí poiblí, iar-oifigigh phóilíneachta agus iar-iniúchóirí.

Déanann Aonad A.1 imscrúduithe inmheánacha i ngach institiúid, comhlacht, oifig agus gníomhaireacht Eorpach a bunaíodh le Conarthaí an Aontais nó ar a mbonn. Is éard a dhéanann Aonad A.2, líomhaintí i réimse an chaiteachais dhírigh a chuireann an Coimisiún Eorpach, Gníomhaireachtaí Feidhmiúcháin an Aontais, Gníomhaireachtaí Díláraithe an Aontais, an Institiúid Eorpach um Nuálaíocht agus Teicneolaíocht (EIT) agus Comhghnóthais chun feidhme, maille le líomhaintí i réimse chaiteachas riaracháin institiúidí, comhlachtaí, oifigigh agus gníomhaireachtaí an Aontais. Is éard a dhéanann Aonaid A.3, A.4 agus A.5, imscrúduithe a dhéanamh i réimse chaiteachas an Aontais faoin gComhbheartas Talmhaíochta, faoi Chistí Struchtúracha agus Infheistíochta na hEorpa (CSIE) agus faoi chistí bainistíochta comhroinnte eile. Ar a bharr sin, bíonn na trí aonad sin gníomhach i réimse an chúnaimh réamhaontachais le haghaidh forbairt tuaithe agus comhar trasteorann idir na tíortha is iarrthóirí/is iarrthóirí ionchasacha agus na Ballstáit faoin Ionstraim um Chabhair Réamhaontachais.

Chomh maith leis sin, bíonn an Stiúrthóireacht ag faire ar an gcaoi a bhfuil moltaí airgeadais, breithiúnais agus araíonachta a bhaineann leis na cásanna i gceist ag dul ar aghaidh agus taifeadann sí toradh na bearta a rinne institiúidí, comhlachtaí agus gníomhaireachtaí eile de chuid an Aontais maille le húdaráis náisiúnta.

Tá an Stiúrthóir suite sa Bhruiséil agus bíonn sé ag oibriú i ndlúthchomhar le Leas-Ard-Stiúrthóir OLAF, agus faoi mhaoirseacht fhoriomlán an Ard-Stiúrthóra.

Tá an creat dlí lena leagtar síos cuspóirí agus cúraimí OLAF maille lena fheidhmiú le fáil i Rialachán (AE, Euratom) Uimh. 883/2013 ó Pharlaimint na hEorpa agus ón gComhairle ([1]). Tá tuilleadh eolais faoi OLAF agus a chairt eagrúcháin le fáil anseo: https://ec.europa.eu/info/departments/european-anti-fraud-office_ga

An tairiscint

Post an Stiúrthóra ar a bhfuil sé de chúram comhordú straitéiseach foriomlán agus bainistiú fónta acmhainní na Stiúrthóireachta a dhéanamh i gcomhréir leis an ráiteas misin agus leis an gclár oibre bliantúil.

Faoi mhaoirseacht an Ard-Stiúrthóra agus an Leas-Ard-Stiúrthóra, déanann an tArd-Stiúrthóir:

— Maoirseacht ar imscrúduithe a ndéantar tuarascálacha deiridh agus moltaí féideartha ar a mbonn a chuirtear faoi bhráid údaráis na n-institiúidí Eorpacha féachaint an gcinnfear ionchúiseamh, aisghabháil airgeadais, obair leantach riaracháin agus/nó bearta araíonachta dá mbarr agus – i gcás inarb ábhartha – faoi bhráid údaráis bhreithiúnais na mBallstát féachaint an ndéanfar ionchúiseamh dá mbarr.

— Straitéis OLAF a cheapadh agus a chur chun feidhme i leith calaoise, gníomhaíochtaí mídhleathacha agus éilliú, ar fud réimsí freagrachta na hArd-Stiúrthóireachta;

— A chinntiú go ndéantar pleanáil agus bainistiú ghníomhaíochtaí na hArd-Stiúrthóireachta go héifeachtach (caighdeáin cháilíochta, monatóireacht ar sprioc-amanna, sreabhadh oibre, dul chun cinn agus baint amach cuspóirí a chinntiú);

— Maoirseacht ar obair na gCeann Aonaid agus rialú ar fheidhmíocht na Stiúrthóireachta;

— A chinntiú go ndéantar pleanáil, cur chun feidhme agus bainistiú acmhainní daonna agus airgeadais na Stiúrthóireachta go héifeachtach, agus go leithdháiltear iad go héifeachtach ar na haonaid i gcomhar leis an Leas-Ard-Stiúrthóir;

Is é an dúshlán is mó atá ann, forbairt bhreise a dhéanamh ar ghníomhaíocht oibríochtúil OLAF, go háirithe an ghníomhaíocht a bhaineann leis na réimsí is airde riosca, i gcomhthéacs institiúideach a bhíonn ag athrú agus an t-atreorú ar chaiteachas an Aontais atá ar bun faoi láthair as a nginfear patrúin chalaoise nua. Chun aghaidh a thabhairt ar an dúshlán sin, ní mór imscrúduithe éifeachtacha a dhéanamh agus comhar marthanach a fhorbairt leis na hinstitiúidí agus na comhlachtaí Eorpacha, leis na húdaráis náisiúnta agus leis na comhpháirtithe idirnáisiúnta.

An té atá uainn

Gairmí dinimiciúil sármhaith, a chomhlíonann na critéir roghnúcháin seo a leanas, a theastaíonn le haghaidh an phoist seo:

Buanna Pearsanta

— É a bheith cruthaithe go bhfuil sé nó sí in ann pleanáil agus cúraimí a chur in ord tosaíochta;

— É a bheith cruthaithe go bhfuil sé nó sí in ann teagmhálacha a chur ar bun agus caidreamh tráthrialta a bheith acu laistigh de OLAF agus de sheirbhísí an Choimisiúin, le hinstitiúidí eile de chuid an Aontais agus le comhpháirtithe OLAF i mBallstáit, tríú tíortha agus eagraíochtaí idirnáisiúnta;

— É nó í a bheith in ann plé éifeachtach a dhéanamh le páirtithe leasmhara idir inmheánach agus seachtrach ar leibhéal ard;

— É nó í a bheith in ann obair éifeachtach a dhéanamh agus iad faoi bhrú;

— É nó í a bheith in ann obair a dhéanamh ar dhóigh iomlán discréideach agus breithiúnas ar dhálaí a léiriú i leith cúrsaí a mbaineann faisnéis íogair leo.

Sainscileanna agus saintaithí

— Taithí oibre fhairsing ar an leibhéal sinsearach ar imscrúduithe a dhéanamh;

— Tuiscint an-mhaith ar an bpróiseas imscrúdúcháin i gcásanna frith-chalaoise agus ar na sásraí lena gcinntear go bhfuil an próiseas sin éifeachtach agus dleathach;

([1]) Rialachán (AE, Euratom) Uimh. 883/2013 ó Pharlaimint na hEorpa agus ón gComhairle an 11 Meán Fómhair 2013 maidir le himscrúduithe arna ndéanamh ag an Oifig Eorpach Frith-Chalaoise (OLAF) agus lena n-aisghairtear Rialachán (CE) Uimh. 1073/1999 ó Pharlaimint na hEorpa agus ón gComhairle agus Rialachán (Euratom) Uimh. 1074/1999 ón gComhairle Uimh. 1074/1999 (IO L 248, 18.9.2013, lch. 1).

— Eolas an-mhaith agus taithí phraiticiúil ar cheisteanna buiséadacha, airgeadais, acmhainní daonna agus bainistíochta;

— Eolas maith ar ról OLAF, ar a mhisean agus a inniúlachtaí maille leis an gcomhthéacs ina mbíonn OLAF ag oibriú;

— Bheadh eolas atá cruthaithe nó taithí atá cruthaithe ar phost breithiúnach sinsearach nó feidhmiúcháin ina bhuntáiste; measfar gur buntáiste é taithí idirnáisiúnta;

— Beidh eolas ginearálta maith ar chreat institiúideach agus creat dlí an Aontais Eorpaigh agus ar mhodhanna oibre an Choimisiúin Eorpaigh ina bhuntáiste.

Scileanna bainistíochta

— É nó í a bheith in ann eagraíocht chasta a stiúradh i dtimpeallacht ildisciplíneach ilchultúrtha;

— É a bheith cruthaithe go bhfuil scileanna ceannaireachta aige agus go bhfuil sé nó sí in ann imscrúdaitheoirí agus gairmithe riaracháin as réimse leathan cúlraí gairme agus náisiúnta a bhfuil taithí acu a stiúradh agus a spreagadh;

— A bheith an-mhaith chuig bainistiú tosaíochtaí agus cuspóirí agus chuig bheith ag obair ar dhóigh sholúbtha ó thaobh acmhainní a leithdháileadh (idir dhaonna agus airgeadais) ar aonaid de agus chuig an Stiúrthóireacht a threorú i leith straitéise;

— Scileanna láidre anailísíochta, agus an cumas spriocanna straitéise a fhorbairt agus a ghiniúint, iad a iompú ina moltaí praiticiúla i leith gníomhú agus fadhbanna eagrúcháin agus oibríochtúla a réiteach.

Ní mór na cáilíochtaí seo a bheith ag iarrthóirí (ceanglais incháilitheachta)

Ní dhéanfar iarrthóirí a mheas le haghaidh chéim an roghnúcháin ach amháin ar bhonn na gcritéar foirmiúil seo a leanas nach mór a bheith comhlíonta **faoin sprioc-am le hiarratas a dhéanamh**:

— *Náisiúntacht:* ní mór do gach iarrthóir a bheith ina saoránach de cheann amháin de Bhallstáit an Aontais Eorpaigh.

— *Céim nó dioplóma ollscoile:* ní mór d'iarrthóirí:

  — leibhéal oideachais a bheith acu is comhionann le cúrsa iomlán ollscoile ar baineadh dioplóma amach dá bharr i gcás ina maireann an ghnáth-thréimhse oideachais ollscoile 4 bliana nó níos mó;

  — leibhéal oideachais a bheith acu is comhionann le cúrsa iomlán ollscoile ar baineadh dioplóma amach dá bharr agus taithí oibre chuí bliain amháin ar a laghad i gcás ina maireann an ghnáth-thréimhse oideachais ollscoile 3 bliana ar a laghad (ní féidir an bhliain amháin sin de taithí oibre a chur san áireamh sa taithí oibre iarchéime a iarrtar thíos).

— *Taithí ghairmiúil:* ní mór d'iarrthóirí taithí oibre iarchéime ([2]) 15 bliana ar a laghad a bheith acu ar leibhéal ar féidir tosú uirthi leis na cáilíochtaí dá dtagraítear thuas. Ní mór 5 bliana ar a laghad den taithí ghairmiúil sin a bheith faighte i réimse a bhaineann go dlúth leis an bpost seo.

— *Taithí bhainistíochta:* ní mór 5 bliana ar a laghad den taithí oibre iarchéime a bheith faighte i bhfeidhm bainistíochta den chineál céanna ar ardleibhéal ([3]) i réimse a bhaineann leis an bpost seo.

([2]) Ní chuirtear taithí ghairmiúil san áireamh ach amháin más fíorchaidreamh oibre atá i gceist léi, caidreamh atá sainmhínithe mar fhíorobair a bhfuarthas pá aisti agus mar fhostaí (aon chineál conartha) nó mar sholáthraí seirbhíse. Déanfar gníomhaíocht ghairmiúil a rinneadh ar bhonn páirtaimseartha a ríomh ar bhonn *pro rata*, de réir chéatadán deimhnithe na n-uaireanta lánaimseartha a oibríodh. Cuirtear saoire mháithreachais/saoire thuismitheora/saoire chun páiste a uchtú san áireamh más faoi chuimsiú conradh oibre atá sí. Déantar dochtúireachtaí a chomhshamhlú le taithí oibre, fiú amháin nuair nach dochtúireachtaí ar pá iad, ach déantar sin ar feadh uastréimhse 3 bliana amháin, ar choinníoll gur éirigh leis an iarrthóir an dochtúireacht a bhaint amach. Ní féidir tréimhse áirithe a áireamh ach uair amháin.

([3]) Ba cheart d'iarrthóirí a léiriú go soiléir ina gcuraclam vitae na blianta go léir ina bhfuair siad taithí bhainistíochta: (1) teideal agus ról na bpost bainistíochta a bhí acu; (2) an líon ball foirne a ndearna siad maoirseacht orthu sna poist sin; (3) méid na mbuiséad a bhainistigh siad; (4) an líon sraitheanna ordlathais os a gcionn agus faoina mbun; agus (5) líon a bpiaraí.

— *Teangacha:* ní mór d'iarrthóirí eolas cuimsitheach a bheith acu ar cheann amháin de theangacha oifigiúla an Aontais Eorpaigh ([4]) agus eolas sásúil ar cheann eile de na teangacha oifigiúla sin. Deimhneoidh na painéil roghnúcháin le linn na n-agallamh an gcomhlíonann iarrthóirí an ceanglas maidir le heolas sásúil ar cheann eile de theangacha oifigiúla an Aontais Eorpaigh. D'fhéadfaí an t-agallamh nó cuid den agallamh a dhéanamh sa teanga eile sin mar chuid den tástáil sin.

— *Teorainn aoise:* ní mór do na hiarrthóirí a bheith faoi bhun na gnáthaoise scoir, aois atá sainithe d'oifigigh an Aontais mar dheireadh na míosa inar shlánaigh an duine 66 bliana (féach Airteagal 52 lit (a) de na Rialacháin Foirne ([5])).

Roghnú agus ceapadh

Déanfaidh an Coimisiún Eorpach an Stiúrthóir a roghnú agus a cheapadh i gcomhréir lena nósanna imeachta roghnúcháin agus earcaíochta (féach: An Doiciméad ar Bheartas Oifigeach Sinsearach ([6])).

Mar chuid den phróiseas roghnúcháin seo, cuirfidh an Coimisiún Eorpach painéal réamhroghnúcháin ar bun. Déanfaidh an painéal sin anailísiú ar na hiarratais go léir, rachaidh sé ar aghaidh leis an gcéad fhíorú incháilitheachta agus sainaithneoidh sé na hiarrthóirí a bhfuil na próifílí is fearr acu i bhfianaise na gcritéar roghnúcháin a luaitear thuas agus a bhféadfaí cuireadh a thabhairt dóibh agallamh a dhéanamh leis an bpainéal réamhroghnúcháin.

Tar éis na n-agallamh sin, tarraingeoidh an painéal réamhroghnúcháin suas a thuairimí agus molfaidh sé liosta iarrthóirí le haghaidh agallaimh eile le Coiste Comhairleach an Choimisiúin Eorpaigh um Cheapacháin (CCA). Cuirfidh CCA na tuairimí ón bpainéal réamhroghnúcháin san áireamh agus é ag cinneadh cé na hiarrthóirí a dtabharfar cuireadh chun agallaimh dóibh.

Glacfaidh na iarrthóirí a dtugtar cuireadh chun agallaimh le CCA dóibh páirt in ionad measúnaithe bainistíochta a mhairfidh lá iomlán a reáchtálfaidh comhairleoirí earcaíochta seachtracha. Agus torthaí an agallaimh agus thuarascáil an ionaid measúnaithe á gcur san áireamh aige, tiomsóidh CCA gearrliosta d'iarrthóirí a mheasann sé a bheadh oiriúnach maidir le bheith ag feidhmiú mar Stiúrthóir.

Is é an comhalta den Choimisiún atá i gceannas Eurostat a chuirfidh agallamh ar na hiarrthóirí ar ghearrliosta OLAF.

I ndiaidh na n-agallamh sin, déanfaidh an Coimisiún Eorpach an cinneadh ceapacháin.

Ní mór d'iarrthóirí aon oibleagáid dlí a bhaineann le seirbhís mhíleata a bheith comhlíonta acu, teistiméireachtaí carachtair cuí a chur ar fáil maidir lena oiriúnaí atá siad i dtaca lena gcuid dualgas a dhéanamh, agus a bheith in ann ag dualgas an phoist ó thaobh folláine coirp de.

Ba cheart don iarrthóir a roghnófar deimhniú bailí imréitigh slándála óna údarás náisiúnta slándála a bheith aige nó a bheith in ann an deimhniú sin a fháil. Is cinneadh riaracháin é an t-imréiteach slándála pearsanta a dhéantar tar éis grinnfhiosrúchán slándála a chur i gcrích, grinnfhiosrúchán a rinne údarás náisiúnta slándála inniúil an iarrthóra i gcomhréir leis na dlíthe agus na rialacháin náisiúnta slándála is infheidhme, agus lena ndeimhnítear go bhféadfar cead a thabhairt do dhuine aonair rochtain a fháil ar fhaisnéis rúnaicmithe suas le leibhéal áirithe. (Tabhair do d'aire gur ar iarraidh an fhostóra amháin is féidir tús a chur leis an nós imeachta is gá maidir le himréiteach slándála, agus ní ar iarraidh an iarrthóra).

Ní bheidh rochtain ag an iarrthóir ar fhaisnéis rúnaicmithe an Aontais Eorpaigh (FRAE) ar an leibhéal CONFIDENTIEL UE/EU CONFIDENTIAL nó os a chionn sin, agus ní fhreastalóidh an t-iarrthóir ar aon chruinniú ag a bpléifear FRAE den sórt sin, go dtabharfaidh an Ballstát lena mbaineann an t-imréiteach slándála pearsanra agus go gcuirfear an nós imeachta imréitigh i gcrích leis an seisiún faisnéise, a bhfuil ceangal dlí leis, ó Stiúrthóireacht Slándála an Choimisiúin.

Ar chúiseanna feidhmiúla agus d'fhonn an próiseas roghnúcháin a chur i gcrích chomh tapa agus is féidir ar mhaithe leis na hiarrthóirí agus leis an institiúid araon, is i mBéarla agus/nó i bhFraincis amháin a dhéanfar an próiseas roghnúcháin ([7]).

([4]) http://eur-lex.europa.eu/legal-content/EN/TXT/PDF/?uri=CELEX:01958R0001-20130701&qid=1408533709461&from=EN
([5]) https://eur-lex.europa.eu/legal-content/EN/TXT/PDF/?uri=CELEX:01962R0031-20140701&from=GA
([6]) https://ec.europa.eu/info/sites/info/files/compilation-of-the-senior-official-policy-at-the-european-commission_en.pdf
([7]) Féachfaidh na painéil roghnúcháin chuige nach dtabharfar aon bhuntáiste míchuí do chainteoirí dúchais na dteangacha sin.

Comhdheiseanna

I gcomhréir le hAirteagal 1d de na Rialacháin Foirne, tá cuspóir straitéiseach á shaothrú ag an gCoimisiún, mar atá an comhionannas inscne a bhaint amach ar gach leibhéal bainistíochta faoi dheireadh a shainordaithe reatha agus cuireann sé beartas comhdheiseanna i bhfeidhm lena spreagtar iarratais a d'fhéadfadh cur leis an éagsúlacht, leis an gcomhionannas inscne agus leis an gcothromaíocht gheografach fhoriomlán.

Coinníollacha fostaíochta

Tá na tuarastail agus na coinníollacha fostaíochta leagtha síos sna Rialacháin Foirne.

Earcófar an t-iarrthóir a n-éireoidh leis mar oifigeach ar ghrád AD 14. Rangófar é nó í i gcéim 1 nó i gcéim 2 laistigh den ghrád sin, de réir fhad a dtaithí oibre roimhe sin.

Ba chóir d'iarratasóirí a thabhairt dá n-aire go gceanglaítear faoi Rialacháin Foirne go gcuirfidh gach ball foirne nua tréimhse phromhaidh 9 mí i gcrích.

Is í Bruiséil na Beilge an áit ina bhfuil an t-ionad oibre.

Neamhspleáchas agus dearbhú leasanna

Sula rachaidh an Stiúrthóir atá le bheith ann i mbun a chuid dualgas, cuirfear de cheangal air dearbhú a thabhairt go bhfuil sé tiomanta a bheith ag gníomhú go neamhspleách ar mhaithe leis an bpobal agus dearbhú a thabhairt maidir le haon leas atá aige a d'fhéadfaí a mheas a bheith dochrach dá neamhspleáchas.

Nós imeachta maidir le hiarratas a dhéanamh

Sula gcuirfear an t-iarratas isteach, ba cheart don iarrthóir a sheiceáil go cúramach an gcomhlíonann sé gach ceann de na riachtanais incháilitheachta ("Ní mór na cáilíochtaí seo a bheith ag iarrthóirí"), go háirithe iad sin a bhaineann leis na cineálacha dioplóma, an taithí oibre ardleibhéil agus an acmhainn theangeolaíoch atá ag teastáil. Má tá aon cheann de na riachtanais incháilitheachta nach gcomhlíonann iarrthóir, eisiafar é go huathoibríoch ón bpróiseas roghnúcháin.

Más mian leat iarratas a dhéanamh, ní mór duit clárú ar an idirlíon ar an suíomh gréasáin seo thíos agus na treoracha maidir le céimeanna éagsúla an phróisis a leanúint:

https://ec.europa.eu/dgs/human-resources/seniormanagementvacancies/

Ní mór seoladh ríomhphoist bailí a bheith agat. Bainfear úsáid as an seoladh ríomhphoist sin chun do chlárú a dheimhniú agus chun dul i dteagmháil leat ag céimeanna éagsúla den phróiseas. Dá bhrí sin, coinnigh an Coimisiún Eorpach ar an eolas faoi aon athrú ar do sheoladh ríomhphoist.

Chun iarratas a dhéanamh, ní mór duit CV a uaslódáil i bhformáid PDF agus litir inspreagtha a líonadh isteach ar líne (uasmhéid 8 000 carachtar). Is féidir leat an CV agus an litir inspreagtha a chur isteach in aon cheann de theangacha oifigiúla an Aontais Eorpaigh.

Ar chríochnú do chlárúcháin ar líne duit, gheobhaidh tú ríomhphost a dheimhneoidh gur cláraíodh d'iarratas. **Mura bhfaighidh tú ríomhphost deimhnithe agus uimhir chlárúcháin leis, is léir nár cláraíodh d'iarratas!**

Tabhair do d'aire nach féidir monatóireacht a dhéanamh ar dhul chun cinn d'iarratais ar líne. Rachaidh an Coimisiún Eorpach i dteagmháil go díreach leat maidir le stádas d'iarratais.

Má tá tuilleadh eolais uait nó má bhíonn fadhbanna teicniúla agat, seol ríomhphost chuig: HR-MANAGEMENT-ONLINE@ec.europa.eu

Sprioc-am

Is é **12.00 meán lae, am na Bruiséile, an 22 Márta 2021**, an sprioc-am le clárú. Ní féidir clárú ina dhiaidh sin.

Is fútsa atá sé do chlárúchán ar líne a chríochnú in am. Moltar go láidir duit gan fanacht go dtí cúpla lá roimh an sprioc-am chun iarratas a dhéanamh, mar go bhféadfadh trácht trom ar an idirlíon nó fadhb a bhaineann leis an nasc idirlín deireadh a chur leis an gclárúchán ar líne sula mbeadh sé críochnaithe agat, rud a chuirfeadh iallach ort an próiseas clárúcháin a thosú athuair. Nuair a bheidh an sprioc-am le hiarratas a chur isteach thart, ní bheidh tú in ann tuilleadh sonraí a chur isteach. Ní ghlactar le clárúcháin dhéanacha.

Eolas tábhachtach d'iarrthóirí

Cuirtear i gcuimhne d'iarrthóirí gur faoi rún atá an obair a dhéanann na painéil roghnúcháin éagsúla. Tá cosc ar iarrthóirí dul i dteagmháil, bíodh sé díreach nó indíreach, le comhaltaí na bpainéal sin, agus tá cosc ar dhuine ar bith eile déanamh amhlaidh thar a gceann. Ní mór gach fiosrúchán a sheoladh chuig rúnaíocht an phainéil ábhartha.

Sonraí pearsanta a chosaint

Áiritheoidh an Coimisiún go bpróiseálfar sonraí pearsanta na n-iarrthóirí de réir mar a cheanglaítear le Rialachán (CE) Uimh. 2018/1725 ó Pharlaimint na hEorpa agus ón gComhairle ([8]). Baineann sé sin go háirithe le rúndacht agus slándáil na sonraí sin.

([8]) Rialachán (AE) 2018/1725 ó Pharlaimint na hEorpa agus ón gComhairle an 23 Deireadh Fómhair 2018 maidir le daoine nádúrtha a chosaint i ndáil le sonraí pearsanta a phróiseáil ag institiúidí, comhlachtaí, oifigí agus gníomhaireachtaí an Aontais agus maidir le saorghluaiseacht sonraí den sórt sin, agus lena n-aisghairtear Rialachán (CE) Uimh. 45/2001 agus Cinneadh Uimh. 1247/2002/CE (IO L 295, 21.11.2018, lch. 39).

ISSN 1977-107X (leagan leictreonach)
ISSN 1725-2458 (leagan páipéir)

Oifig Foilseachán
an Aontais Eorpaigh
L-2985 Lucsamburg
LUCSAMBURG

GA